Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7161/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0043(NLE)**

**PROBA 4**
**AGRI 163**
**DEVGEN 27**
**FORETS 71**
**WTO 30**
**ACP 26**
**RELEX 255**
**ENV 235**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 83 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 le cinneadh gan teacht le chéile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 83 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 83 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2024
COM(2024) 83 final

2024/0043 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 le cinneadh gan teacht le chéile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (dá ngairtear ITTC anseo feasta), i ndáil leis an síneadh atá beartaithe a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, a glacadh in 2006 (dá ngairtear 'ITTA 2006' nó 'an Comhaontú' anseo feasta).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006

Is é is aidhm do ITTA 2006 leathnú agus éagsúlú na trádála idirnáisiúnta in adhmad trópaiceach ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a bhuantar go dleathach a chur chun cinn agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a tháirgeann adhmad trópaiceach a chur chun cinn. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí le ITTA, 2006[1].

Ghabh ITTA 2006 (a glacadh in 2006) ionad ITTA 1994, agus glacadh an chéad ITTA in 1983 (ITTA, 1983).

Tháinig ITTA 2006 i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011 ar feadh tréimhse 10 mbliana. Cuireadh síneadh leis le cinneadh 4(LVII) ó ITTC agus le seasamh ábhartha an Aontais arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/837 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021[2] ar feadh tréimhse 5 bliana le héifeacht ón 7 Nollaig 2021 go dtí an 6 Nollaig 2026. Dá bhrí sin, rachaidh sé in éag an 6 Nollaig 2026 mura gcinntear ar shíneadh a chur leis, é a chaibidliú an athuair nó é a fhoirceannadh, de bhun Airteagal 44(1) de ITTA 2006. Tar éis thréimhse tosaigh 5 bliana an tsínidh, is féidir síneadh 3 bliana breise a chur le ITTA 2006 de bhun Airteagal 44(2) le héifeacht ón 7 Nollaig 2026 go dtí an 6 Nollaig 2029. Ní féidir síneadh a chur leis tar éis an dáta sin. Dá leanfaí leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO) i cibé foirm, ba ghá do Chomhaontú nua teacht i bhfeidhm.

Is saincheart de chuid ITTC, is é sin an t-údarás is airde de chuid ITTO, é an cinneadh maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú, de réir Airteagal 6(1) de ITTA 2006. Déanann comhaltaí ITTO ionadaíocht do thimpeall 80 % d'fhoraoisí trópaiceacha an domhain agus do bhreis agus 90 % den trádáil in adhmad agus i dtáirgí adhmaid. Is iad comhaltaí uile ITTO atá in ITTC. Tá dhá chatagóir ballraíochta ag ITTO: táirgeoir agus tomhaltóir. De bhun Airteagal 12(1) de ITTC 2006, féachfaidh ITTC leis na cinntí uile a ghlacadh agus na moltaí uile a dhéanamh de chomhthoil. Mura féidir teacht ar chomhthoil, déanfaidh ITTC cinneadh maidir le ITTA 2006 trí bhíthin vóta speisialta, de bhun Airteagal 44(1). De bhun Airteagal 2(8), ciallaíonn 'vóta speisialta' vóta inar gá ar a laghad dhá thrian de na vótaí a chaithfidh na comhaltaí is táirgeoirí a bheidh i láthair agus i mbun vótála, agus ar a laghad 60 % de na comhaltaí is tomhaltóirí a bheidh i láthair agus i mbun vótála, ar vótaí iad a chomhairfear ar leithligh, ar choinníoll gur leath na gcomhaltaí is táirgeoirí, ar a laghad, a bheidh i láthair agus i mbun vótála, agus gur leath na gcomhaltaí is tomhaltóirí, ar a laghad, a bheidh i láthair agus i mbun vótála a chaithfidh na vótaí sin.

Tá 2 000 vóta san iomlán ag comhaltaí ITTC (tá 1 000 vóta ag táirgeoirí agus tomhaltóirí araon). Déantar ranníocaíochtaí bliantúla agus vótaí a dháileadh go cothrom ar an dá chácas

---

1 2007/648/CE : Cinneadh ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2007 maidir le síniú, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 (IO L 262 an 9/10/2007, lgh. 6-7).

2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32021D0837

sin. Laistigh de gach cácas, déantar dleachtanna agus vótaí na mball aonair a ríomh de réir na trádála adhmaid thrópaicigh a dhéantar agus, i gcás táirgeoirí, de réir a mhéad foraoisí trópaiceacha atá sa tír. Íocann an tAontas an sciar is mó ranníocaíochtaí measúnaithe (a d'íoc an Coimisiún do na Ballstáit uile) le buiséad riaracháin ITTO agus is aige atá an líon is airde vótaí (chomh maith leis an líon is airde comhaltaí is tomhaltóirí) agus d'fhéadfadh mionlach blocála a bheith aige i gcás vóta speisialta.

De bhun Airteagal 7(a), féadfaidh ITTC cinntí a dhéanamh freisin gan teacht le chéile.

Ag an 59ú seisiún de ITTC i mí na Samhna 2023 (ITTC59), chinn ITTC cinneadh a dhéanamh gan teacht le chéile faoin 1 Meitheamh 2024 maidir le cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear síneadh le ITTA 2006 ar feadh 3 bliana le héifeacht ón 7 Nollaig 2026 go dtí an 6 Nollaig 2029, agus na ceanglais faoi Rialacha Nós Imeachta 35 agus 36(d)(i) á gcomhlíonadh ag an gcinneadh sin agus d'iarr sé ar chomhaltaí tagairt a dhéanamh don chinneadh gan teacht le chéile, dá dtagraítear sa mhír thuas, a bheidh le scaipeadh ar chomhaltaí a luaithe is féidir agus a vótaí a chur isteach tráth nach déanaí ná an 27 Bealtaine 2024.

### 2.2. An síneadh atá beartaithe a chur le ITTA 2006

Tá ceisteanna tábhachtacha ann nach mór a fhreagairt maidir le todhchaí ITTO, lena n-áirítear an t-ollstruchtúr maoiniúcháin, an cur chuige clárbhunaithe, agus slógadh gaolmhar acmhainní. An tráth céanna, ní mór don eagraíocht freagairt do bheartais chothrománacha nua agus do chomhaontuithe idirnáisiúnta nua a bhaineann le foraoisí amhail Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal. Dá bhrí sin, ní mór do ITTO teacht ar réitigh ar shaincheisteanna struchtúracha agus bunreachtúla. Ní mór do na comhaltaí freagairt ar na saincheisteanna sin, freagairt as a bhféadfadh athbhreithniú níos bunúsaí teacht ar an gComhaontú. Meastar nach gcuirfí plé chomh críochnúil sin i gcrích laistigh de thréimhse ama reatha ITTA 2006. Dá bhrí sin, beidh gá le síneadh breise a chur le ITTA 2006 chun aon chomhaontú ina dhiaidh sin a ullmhú.

Chuige sin, bhunaigh ITTC59 Meitheal Ullmhúcháin (PWG) neamhiata agus d'iarr sé ar an PWG sainaithint gnéithe le breithniú i gcás athchaibidliú amach anseo a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'iarr ITTC59 ar an PWG tuarascáil a chur faoi bhráid ITTC60 in 2024 maidir leis na módúlachtaí do phróiseas athbhreithniúcháin ITTA 2006.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is éard atá sa ghníomh atá beartaithe Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, agus é bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Is é is cuspóir don togra seo údarú ón gComhairle a lorg le go bhféadfadh an Coimisiún toiliú nó vótáil, thar ceann an Aontais, i bhfabhar síneadh a chur le ITTA 2006 ar feadh tréimhse 3 bliana breise, agus é sin a dhéanamh le cinneadh gan teacht le chéile.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh*

*a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Cumhdaítear i gcoincheap '*na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis atá sa ghníomh a iarrtar ar ITTC é a ghlacadh trí bhíthin cinneadh gan teacht le chéile.

Ní fhorlíonann ná ní leasaíonn an gníomh atá beartaithe creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomhchoda.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207 CFAE ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin *v* an Chomhairle, C-399/12, ECLI:AE:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

2024/0043 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 le cinneadh gan teacht le chéile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (ITTA 2006), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 2011/731/AE[4] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011.

(2) De bhun Airteagal 44(1) de ITTA 2006, leanfaidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse 10 mbliana, tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm - go dtí an 6 Nollaig 2021 - mura gcinneann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTC), trí bhíthin vóta speisialta i gcomhréir le hAirteagal 12, ar shíneadh a chur leis, é a chaibidliú an athuair nó é a fhoirceannadh i gcomhréir le forálacha an Airteagail sin.

(3) Féadfaidh ITTC - ós é an t-údarás is airde de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO) í - de bhun Airteagal 6 de ITTA 2006, ar comhairle í atá comhdhéanta de chomhaltaí uile ITTO - féadfaidh sé a chinneadh ar shíneadh a chur le ITTA 2006 ar feadh dhá thréimhse, tréimhse thosaigh 5 bliana agus tréimhse bhreise 3 bliana, de bhun Airteagal 44(2).

(4) Cuireadh síneadh le ITTA 2006 le cinneadh 4(LVII) ó ITTC agus le seasamh ábhartha an Aontais arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/837 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021[5] ar feadh tréimhse 5 bliana le héifeacht ón 7 Nollaig 2021 go dtí an 6 Nollaig 2026.

(5) Ag an 59ú seisiún de ITTC i mí na Samhna 2023, chinn ITTC cinneadh a dhéanamh gan teacht le chéile faoin 1 Meitheamh 2024 maidir le cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear síneadh le ITTA 2006 ar feadh tréimhse trí bliana le héifeacht ón 7 Nollaig 2026 go dtí an 6 Nollaig 2029.

(6) Is chun leas an Aontais Eorpaigh é síneadh breise ITTA 2006 ar feadh tréimhse 3 bliana, ós rud é go bhfuil am agus acmhainní leordhóthanacha ag teastáil ó ITTO chun aon chomhaontú ina dhiaidh sin a ullmhú.

---

4 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32011D0731

5 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021D0837

(7) Ba cheart seasamh an Aontais in ITTC a bhunú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh a ghlacfaidh an tAontas Eorpach laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach toiliú do shíneadh, ar feadh tréimhse breise 3 bliana, a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 nó vótáil i bhfabhar an tsínidh sin.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*